Eolas maidir leis an dara teanndáileog

VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí

Cé na daoine ar cheart dóibh an dara teanndáileog den vacsaín a fháil?

I gcás:

- go bhfuil tú 65 bliain d'aois nó os a chionn, nó
- go bhfuil tú 12 bhliain d'aois nó os a chionn agus córas lag imdhíonachta agat

tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh ag moladh duit an dara teanndáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil.

Cathain ba cheart dom an dara teanndáileog a fháil?

D'fhéadfadh sé go mbeadh riosca ní ba mhó ann go n-éireofá go dona tinn le COVID-19, fiú má tá tú vacsaínithe cheana féin, mar:

- go bhféadfadh an chosaint a fuair tú ó na vacsaíní a fuair tú cheana éirí ní ba laige le himeacht ama
- go bhféadfá a bheith i mbaol ní ba mhó ó ghalar tromchúiseach
- go bhféadfadh sé nach n-éiríonn le vacsaíní freagairt láidir a spreagadh i do chóras imdhíonachta

Léiríonn faisnéis ó thíortha eile go dtugann an dara teanndáileog cosaint bhreise ar COVID-19 agus go ndéanann a cion féin le breoiteacht thromchúiseach a chosc má tholgtar COVID-19.

Cén vacsaín is féidir liom a fháil mar an dara teanndáileog?

I gcás go bhfuil tú 30 bliain d'aois nó os a chionn, tairgfear dáileog amháin de cheachtar de Vacsaín Pfizer nó de Vacsaín Moderna duit. I gcás go bhfuil tú 29 bliain d'aois nó faoina bhun, tairgfear dáileog amháin de Vacsaín Pfizer duit. Is vacsaíní mRNA iad sin. Is féidir leat na vacsaíní seo a fháil fiú má fuair tú vacsaín eile roimhe seo.

Féadfaidh tú vacsaín eile a fháil nach vacsaín mRNA í, amhail Novavax, mura bhfuil vacsaín mRNA oiriúnach duit nó má dhéanann tú an cinneadh gan vacsaín mRNA a fháil. Tabharfaimid faisnéis mhionsonraithe duit ar an vacsaín atá le tabhairt duit. Tá an fhaisnéis sin le fáil ag **hse.ie/covid19vaccine** chomh maith.

Cathain ba cheart dom an dara teanndáileog a fháil?

Is féidir leat an dara teanndáileog a fháil ar chuntar go bhfuair tú:

- an chéad chúrsa vacsaíní in aghaidh COVID-19 (dha dháileog de ghnáth)
- dáileog bhreise (má tá córas lag imdhíonachta agat) agus
- an chéad teanndáileog

Ba cheart duit an dara teanndáileog a fháil ceithre mhí ar a laghad tar éis na chéad teanndáileoige. Seo an ceathrú dáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 a bheidh faighte ag formhór na ndaoine. Má tá córas lag imdhíonachta agat, beidh cúigiú dáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 faighte agat ansin.

Má bhí COVID-19 ort ó fuair tú an chéad teanndáileog, fan ceithre mhí ar a laghad sula bhfaighidh tú an dara teanndáileog.

Céard is eol dúinn faoi shábháilteacht an dara teanndáileog?

Níl an méid céanna faisnéise againn maidir le sábháilteacht an dara teanndáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19. Tá an Ríocht Aontaithe, Iosrael, an Danmhairg agus roinnt tíortha eile ag tabhairt an dara teanndáileog do dhaoine áirithe. Níl aon ní is údar imní ó thaobh sábháilteachta de tagtha chun cinn i staidéir ar dhaoine a fuair an chéad teanndáileog agus an dara teanndáileog.

Is riochtaí athlastacha croí iad an miócairdíteas agus an peireacairdíteas agus is rioscaí an-annamh iad a bhaineann le vacsaíní mRNA. Bíonn na fo-iarmhairtí annamha seo níos coitianta i measc fir atá faoi bhun 30 bliain d'aois tar éis dóibh an dara dáileog den phríomhvacsaín a fháil. Is cosúil nach bhfuil riosca na bhfo-iarmhairtí seo chomh mór sin tar éis na chéad teanndáileoige.

An bhfuil an dara teanndáileog den vacsaín ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)?

Níl an dara teanndáileog de vacsaíní mRNA ceadaithe ag an nGníomhaireacht. Mar sin féin, tá comhairle eisithe ag an nGníomhaireacht agus ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) gur féidir an dara teanndáileog de vacsaín mRNA in aghaidh COVID-19 a thabhairt dóibh siúd atá 80 bliain d'aois agus os a chionn toisc go bhfuil siad i mbaol mór galair thromchúisigh agus go dtabharfaidh an dara teanndáileog cosaint níos fearr dóibh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh moltaí an Choiste Comhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) ag teacht le moltaí na Gníomhaireachta i ngach uile chás de bharr nach mbíonn an Coiste ag breathnú ach ar shonraí agus ar chás na hÉireann amháin. In Éirinn, is í comhairle an Choiste Comhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) a gcloímid léi.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoi na vacsaíní le fáil ar **hse.ie/covid19vaccine**. Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoir chomh maith.

Arna fhoilsiú ag FSS an 7 Aibreán 2022
Leagan 1

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland